# Aighneacht

# An Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022

## Bealtaine 2019

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir leis An Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022**.**

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda atá ag feidhmiú thuaidh agus theas ar son an dá Rialtas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann.  Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin.  Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## FIONTRAÍOCHT SHÓISIALTA I SAOL NA GAEILGE AGUS NA GAELTACHTA

Tá idir chainteoirí dúchais agus nuachainteoirí Gaeilge ar fud na tíre agus is pobal ilchineálach an pobal Gaeilge sin.  Bíodh is gur pobal ilchineálach iad tá na bunéilimh agus riachtanais teanga chéanna ag lucht labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di. Ach níl mórán de na héilimh sin á sásamh ag an Stát, mar sin cruthaítear fiontair shóisialta chun na héilimh sin a chomhlíonadh. Mar shampla, tá ranganna Gaeilge ar siúl

timpeall na tíre chun deis a thabhairt don phobal an Ghaeilge a fhoghlaim. Chomh maith le sin tá clubanna óige bunaithe chun an Ghaeilge a normalú i measc daoine óga. Sásaíonn na Pop-Up Gaeltachtaí dhá riachtanas, sóisialú trí Ghaeilge agus deis labhartha a thabhairt d'fhoghlaimeoirí. Léiríonn an tóir atá ar na Pop-Up Gaeltachtaí fud fad na cruinne go bhfuil an éileamh ann. Dóibh siúd a mbíonn fonn aclaíochta trí Ghaeilge orthu cruthaíodh Na Gaeil Óga, club CLG (lean Gaeil na Gaillimhe agus Laochra Loch Lao an múnla céanna) agus na Cnocadóirí, club siúlóide. Sa Ghaeltacht tá clubanna a chuireann ranganna ar fáil maidir le hamhránaíocht ar an sean-nós agus rince ar an sean nós, a choinníonn an oidhreacht Ghaelach beo ansin. Léiríonn sé seo go bhfuil daoine éirimiúla, fuinniúla, cruthaitheacha i saol na Gaeilge atá ag déanamh an obair seo ar son a phobal féin. Sa Ghaeltacht is iad na fiontair shóisialta atá mar chroílár na pleanála teanga chun an teanga a shlánú ansin tríd iarracht méid na gcainteoirí Gaeilge a fhás sa todhchaí. Sampla iontach de seo ná bunú Tuismitheoirí na Gaeltachta a chuireann tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil a páistí trí Ghaeilge. Léiriú maith den fhiontraíocht shóisialta sa Ghaeltacht ná na Comharchumainn Ghaeltachta atá mar chroílár phobal na Gaeltachta a chuireann go leor seirbhísí ar fáil do mhuintir na Gaeltachta. Sampla eile ná na hamharclanna Gaeltachta a chuireann na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha chun cinn trí Ghaeilge.

Tá na fiontair shóisialta seo cruthaithe de bharr nach bhfuil an Stát ag cur seirbhísí faoi leith ar fáil agus nach bhfuil an earnáil phríobháideach ag cur na seirbhísí ar fáil ach an oiread. Tá gá le i bhfad níos mó fiontair shóisialta i saol na Gaeilge. Mar shampla, tá iarrachtaí ar bun ar feadh na mblianta chun cultúrlann a bhunú i mBaile Átha Cliath. Freisin tá chairtstáisiúin raidió ar siúl do dhaoine óga, Raidió Rí-Rá, ach níl sé ar fáil ar mhinicíocht FM agus dá bharr níl teacht ag an aos óg air go héasca. Níl aon naíolann as Gaeilge ar fáil i mBaile Átha Cliath ach an oiread. Tá easnamh d'eagraíochtaí Gaeilge timpeall na tíre a d'fhéadfadh an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar áitiúil. Tá liosta mór fada gur féidir a scríobh faoi na héilimh, níl sé seo ach cúpla sampla. Tá gá an éiceachóras a thógáil do lucht labhartha na Gaeilge ionas go bhfuil timpeallacht níos dearfaí acu chun an teanga a labhairt, sé sin go mbeidh níos mó deiseanna ann chun an Ghaeilge a labhairt.

## FIONTRAÍOCHT TEANGA MIONLAIGH

Sa Ghaeltacht tá fiontair ghnó a fheidhmíonn trí Ghaeilge a fhaigheann tacaíocht ón Stát trí Údarás na Gaeltachta. Lasmuigh den Ghaeltacht tugann leithéidí Enterprise Ireland tacaíocht d'fhiontair ghnó. Ach níl aon tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí beaga lasmuigh den Ghaeltacht atá dírithe ar phobal na Gaeilge. Tá gá leis an margadh a chothromú agus tacaíochtaí breise a thabhairt do ghnóthaí a bhunaítear trí Ghaeilge. Tacaíochtaí ar nós deontais, traenáil, acmhainní, faoiseamh cánach, srl. Tá samplaí de theangacha mionlaigh timpeall an domhain a bhfuil an Stát ag tacú lena gcuid fiontair. Sampla de seo ná go mbíonn oifig an Coimisinéir Breatnaise ag plé le comhlachtaí sa Bhreatain Bheag chun an Bhreatnais a shníomh isteach ina chuid ghnóthaí. Is gá don Stát seo breathnú chun timpeallacht dhearfach a chruthú do ghnóthaí atá ag iarraidh feidhmiú trí Ghaeilge. Caithfear aitheantas a thabhairt d'fhiontraithe teanga.

## FIONTRAÍOCHT SHÓISIALTA I DTEANGA MHIONLAIGH

Tá deontais fhíorbheaga ar fáil ón Stát do chomhlachtaí gnó atá ag iarraidh comharthaí, suíomh idirlíon, nó bileoga eolais trí Ghaeilge nó go dátheangach a chur ar fáil. Tá maoiniú ann freisin do na heagraíochtaí Gaeilge. Ach níl tacaíocht dá laghad ar fáil nuair atá na heagraíochtaí Gaeilge sin ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar fhiontair shóisialta nua. Mar sin titeann na fiontair shóisialta sin idir dhá stól. Nuair a iarrann eagraíocht Ghaeilge tacaíocht ón Stát chun fiontair shóisialta nua a chruthú, diúltaítear dó mar go mbreathnaítear air mar mhaoiniú dúbailte. Léiriú d'easpa gníomh an Stáit ná go bhfuil sé luaite sa Straitéis 20 Bliana go ndéanfaí 'forbairt a dhéanamh ar ionad nó spás fisiciúil Gaeilge amháin ar a laghad i mBaile Átha Cliath, ina mbeadh siopa leabhar/ Dlúthdhioscaí/DVDanna, ina reáchtálfaí clár d'imeachtaí litríochta agus ina gcuirfí saoráidí mar shiopa caife ar fáil le go bhféadfadh teaghlaigh agus daoine aonair casadh lena chéile ann'. Táimid níos mó ná 9 mbliana isteach sa Straitéis agus níl an sprioc seo bainte amach go fóill. Níl an mhaoin ag pobal na Gaeilge chun é seo a chur ar bun - ach tá sé de chumas ag an Stát seo a fhíorú, ní gá ach

breathnú ó Thuaidh go Béal Feirste áit atá [trí oiread Cultúrlanna ann] ná mar atá sa phríomhchathair. Tá srian á chur ar inniúlacht agus ar fhiontraíocht shóisialta. Tá gá ag gach contae plean teanga a chruthú mar chuid den Straitéis 20 Bliana agus dar ndóigh croí lár na pleananna seo ná líon na cainteoirí Gaeilge a fhás. Tá ról lárnach ag na fiontair shóisialta é sin a chinntiú.

## COMÓRTAS D'FHIONTRAITHE SÓISIALTA TRÍ GHAEILGE

Is fiú go mór go mbeidh comórtas á reáchtáil sna scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge ionas gur féidir an fiontar sóisialta trí Ghaeilge is fearr a aimsiú. B'fhiú é seo a dhéanamh ag an dara leibhéal agus ag an tríú leibhéal chun fiontair shóisialta trí Ghaeilge a spreagadh, ar nós samhail an BT Young Scientist. Beadh gá le hinfheistíocht stát chun an comórtas seo a rith agus duaischiste a chruthú chomh maith. Is féidir tacaíocht meantóireachta a chur ar fáil do na buaiteoirí. Cuirfidh sé seo le 'samhail an scoilphobail', le habhantrach cheantar na scoile, agus a láidreoidh an nasc idir an scoil an ceantar ina bhfuil sí lonnaithe. Bheadh Conradh na Gaeilge sásta a bheith páirteach ina leithéid de chomórtas agus go leor leor taithí againn ag plé leis na scoileanna thar na blianta.

## MOLTAÍ DON BHEARTAS NÁISIÚNTA

- Aon ghníomh a dhéantar i dtaobh an bheartais seo caithfear go mbeidh an Ghaeilge san áireamh chun cinntiú go mbeidh cothromas teanga ann.
- Ba chóir réimse faoi leith a bheith sainithe den Fhiontraíocht Shóisialta Gaeilge.
- Fiosraigh faoi aon chúnamh atá ar fáil ón AE d'fhiontair shóisialta i dteangacha mionlaigh.
- Tá gá le taighde a dhéanamh ar thionchar fiontair shóisialta ar stad na Gaeilge.
- Tá gá le comhairle a bheith ar fáil as Gaeilge agus tuiscint ann faoi phobal na Gaeilge agus Gaeltachta chun éifeacht na bhfiontar sóisialta a chinntiú.
- Caithfear a chinntiú nach mbeidh an córas maoinithe ag cur isteach ar chomhleanúnachas na bhfiontar éagsúla. Caithfear na fiontair shóisialta a chothú agus cuidiú leo fás.
- Má tá foirgnimh á chur ar fáil d'fhiontair shóisialta, caithfear a chinntiú go bhfuil cuid de na foirgnimh seo ar fáil d'fhiontair shóisialta trí Ghaeilge amháin. Má bhíonn fiontair Ghaeilge ag roinnt spáis i bhfoirgnimh le fiontair Bhéarla gheobhaidh an Béarla an lámh in uachtar mar theanga an fhoirgnimh seo. Ba chóir go mbeadh aon comharthaíocht san fhoirgneamh ar fáil sa dhá theanga oifigiúil an Stáit ag úsáid dea-chleachtas dátheangachas (cló ar chomh-mhéid agus dath difriúil idir na teangacha).
- Tá gá le monatóireacht leanúnach a dhéanamh chun a fháil amach conas atá ag éirí le hearnáil na Gaeilge, sé sin le rá an bhfuil níos mó fiontair shóisialta á chruthú bliain i ndiaidh bliana, an bhfuil níos mó daoine ag úsáid na seirbhísí sin, cén teicneolaíocht agus áiseanna nua gur féidir a thabhairt ionas gur féidir a chinntiú go bhfuil na fiontair á rith go héifeachtach, srl.
- Tá gá leis na fiontair shóisialta a thabhairt le chéile go rialta le feiceáil conas gur féidir leo foghlaim óna chéile agus cén acmhainní gur féidir a roinnt.
- Tá gá le meicníocht gur féidir gearán a dhéanamh má tá an Stát ag cur isteach ar fheidhmeanna na fiontair shóisialta trí Ghaeilge.

- B’fhiú an Ghaeilge a bheith luaite mar choinníoll/réimse oibre féideartha d’fhiontar sóisialta má chinntear leasú a dhéanamh ar an Acht Chomhlachais chun go luafaí go sonrach fiontar sóisialta agus fiontar teanga.
- Tá gá breathnú ar conas a fheidhmíonn fiontair shóisialta i dteanga mhionlaigh thall san Eoraip chun cinntiú go bhfuil muid ag coinneáil suas leis na bealaí is éifeachtaí leis an teanga a chur chun cinn.
- Caithfear tomhas a dhéanamh ar an tionchar cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch de na fiontair shóisialta seo.
- Ba chóir go gcuirfí scéim maoinithe ar fáil chun tacú le fiontair theanga nó múnla fiontair theanga á leathnú amach timpeall na tíre/na cruinne, mar atá ann d’fhiontair Béarla “infheistíocht aingil”.
- Ba chóir comórtas d’fhiontraithe sóisialta trí Ghaeilge a bhunú faoi mar a moladh roimhe seo sa cháipéis seo

## CONCLÚID

Léiríodh san aighneacht seo go bhfuil go leor fiontraíocht sóisialta á chur ar fáil trí Ghaeilge ag grúpaí deonacha. Léiríodh freisin nach bhfuil a dhóthain tacaíochta Stáit á tabhairt don fhiontraíocht sóisialta seo. Bíodh a fhios go bhfuil maoiniú Stáit d’fhiontraíocht gnó sa Ghaeltacht, léiríodh go bhfuil fíor bheagán tacaíocht don fhiontraíocht lasmuigh den Ghaeltacht. Moladh mar chuid den aighneacht seo go mbeadh sé chun tairbhe an fhiontraíocht sóisialta go reáchtálfaí comórtas na scoile a aithneoidh smaointe maithe san aos óg agus a spreagfaidh iad chun tabhairt faoin bhfiontraíocht sóisialta trí Ghaeilge. Moladh go dtabharfaí an t-aitheantas cuí don Ghaeilge sa Bheartas agus go ndéanfaí é sin ar bhealach chomhtháite agus comhleanúnach. Comhlíonann an fhiontraíocht sóisialta trí Ghaeilge atá ann faoi láthair roinnt de na bunriachtanais agus éilimh i measc pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, ach is cinnte nach leor sin.